

Topaic 1: Ag bualadh le daoine

Feidhmeanna

San aonad seo foghlaimeoidh an rang conas/faoi:

- | | |
|------|--|
| 1.1 | ~ beannú do dhuine agus beannú ar ais do dhuine |
| 1.2 | ~ na Gaeltachtaí |
| 1.3 | ~ ceist a chur ar dhuine an bhfuil sé go maith agus an cheist sin a fhreagairt |
| 1.4 | ~ é/í féin a chur in aithne |
| 1.5 | ~ daoine eile a chur in aithne dá chéile |
| 1.6 | ~ a rá le duine go bhfuil sé deas bualadh leis/léi |
| 1.7 | ~ fiafraí de dhuine cén t-ainm atá air/uirthi agus an cheist sin a fhreagairt |
| 1.8 | ~ comhaireamh ó 0-10 |
| 1.9 | ~ uimhir theileafóin a iarraidh agus a thabhairt |
| 1.10 | ~ slán a fhágáil ag duine |

An ghramadach

San aonad seo foghlaimeoidh na mic léinn:

- | |
|---|
| <ul style="list-style-type: none"> • Forainmneacha: <i>mé, tú, sé, sí</i> • An dara pearsa uatha agus iolra de na forainmneacha réamhfhoclacha do agus ar • Foirmeacha treise den fhorainm: <i>ortsa, duitse</i> • Ceisteanna agus freagraí san aimsir láithreach. • Uimhreacha 0-10: <i>a náid, a haon, a dó, a trí</i> agus araile |
|---|

Beidh an foghlaimeoir in ann...

Labhairt	Beannachtaí simplí a úsáid agus slán a fhágáil ag duine. eolas an-bhunúsach a thabhairt faoi féin.
Cluastuiscint	Ceisteanna simplí ag baint le cúlra a thuiscint. Beannachtaí a thuiscint.
Léamhthuiscint	Focail agus frásaí a bhaineann le heolas pearsanta a aithint, mar shampla, ar fhoirm iarratais.
Scribhneoireacht	Sonraí pearsanta a bhreacadh síos, mar shampla, ar fhoirm iarratais.

1.1 Ag beannú do dhuine agus ag beannú ar ais do dhuine

(A) Múin na beannachtaí seo a leanas don rang agus iarr orthu iad a rá i do dhiaidh:

Beannú do dhuine **Beannú ar ais do dhuine**

Dia dhuit.

Dia is Muire dhuit.

- Míniú do na foghlaimeoirí go n-úsáidtear beannachtaí níos neamhfhoirmeálta freisin sa lá atá inniu ann, mar shampla:

Haigh! Haló!

- Míniú go n-úsáidtear an bheannacht ‘*Dia is Muire dhuit is Pádraig*’

- i) mar fhreagra ar ‘*Dia is Muire dhuit*’.
- ii) nuair a bhíonn iontas ar dhuine bualadh le duine eile.
- iii) i gcanúintí áirithe mar phríomhbheannacht.



Gníomhaíocht 1.1(A): Ag beannú dá chéile: Caint

- Beannaigh d’fhoghlaimoir amháin sa rang.
- Iarr air/uirthi tú a fhreagairt agus beannú don duine in aice leis/léi.
- Lean ar aghaidh mar sin go dtí go bhfuil gach duine tar éis na beannachtaí a chleachtadh os comhair an ranga.
- Is féidir leis na foghlaimoirí cibé beannacht is mian leo a úsáid agus iad ag beannú don duine taobh leo ach caithfidh siad ceann cuí a úsáid ag beannú ar ais, mar shampla:

Múinteoir:	<i>Dia dhuit!</i>
Foghlaimoir 1:	<i>Dia is Muire dhuit!</i> (Ag casadh chuig a c(h)omharsa:) <i>Dia dhuit!</i>
Foghlaimoir 2:	<i>Dia is Muire dhuit!</i> (Ag casadh chuig a c(h)omharsa:) <i>Dia is Muire dhuit!</i>
Foghlaimoir 3:	<i>Dia is Muire dhuit is Pádraig!</i> (Ag casadh chuig a c(h)omharsa:) <i>Haigh!</i> agus araile.

(B) Múin **ceann amháin** de na struchtúir seo thíos: an nath a úsáideann tú féin, nó a úsáidtear sa cheantar ina bhfuil cónaí ar an rang.

Cad é mar atá tú?
Cén chaoi a bhfuil tú?
*Conas atá tú?/ Conas tá tú?**

*Nótáil:

- Tá sé tábhachtach gan na foghlaimoirí a bhuaireamh faoi na difríochtaí sna beannachtaí sna canúintí go dtí go mbeidh siad muiníneach sa bheannacht atá acu féin.
- Beidh deis acu foghlaim faoi na leaganacha eile de na beannachtaí faoi rannóg **1.2: Na Gaeltachtaí**.

(C) Múin roinnt freagraí éagsúla ar an gceist thuas:

Go maith. Go raibh maith agat.
Go breá. Go raibh maith agat.

Go measartha/cuibheasach.
Ceart go leor.

- Déan cleachtadh ar na freagraí thuas go dtí go mbeidh an rang muiníneach astu.



Gníomhaíocht 1.1(C): Conas atá tú?: Caint

- Fiafraigh de dhaoine aonair sa rang conas atá siad.
- Mar shampla:

Múinteoir: *Conas tá tú? (nó Cén chaoi a bhfuil tú? / Cad é mar atá tú?)*
Foghlaimoir 1: *Go maith. Go raibh maith agat.*
Múinteoir: *Conas atá tú?*
Foghlaimoir 2: *Go breá. Go raibh maith agat.*



Gníomhaíocht 1.2(C): Conas atá tú? – arís: Caint

- Fiafraigh de dhuine de na foghlaimoirí sa rang conas atá siad.
- Nuair a fhreagraíonn an foghlaimoir, caithfidh sé/sí fiafraí den duine in aice leis/léi agus mar sin timpeall an ranga. Mar shampla:

Múinteoir: *Conas tá tú? (nó Cén chaoi a bhfuil tú? / Cad é mar atá tú?)*
Foghlaimoir 1: *Go maith. (Le foghlaimoir 2:) Conas atá tú?*
Foghlaimoir 2: *Go breá. (Le foghlaimoir 3:) Conas atá tú?*
Foghlaimoir 3: *Go maith. (Le foghlaimoir 4:) Conas atá tú? agus araile.*

- Míniú don rang gur féidir an nath ‘Ara’ nó ‘Muide’ a chur roimh fhreagraí diúltacha:

Conas tá tú? (nó Cén chaoi a bhfuil tú? / Cad é mar atá tú?)
Ara, cuibheasach. / Muide, ceart go leor.

- Déan cleachtadh ar na freagraí éagsúla seo leis an rang trí cheist a chur ar fhoghlaimoirí aonair faoin gcaoi ina bhfuil siad.

(D) Meabhraigh don rang gurb é an gnáthnós nuair a chuirtear ceist ort faoin gcaoi ina bhfuil tú ná freagra a thabhairt agus ansin an cheist chéanna a chur ar an duine a chuir an cheist ort.

- Sa chás sin, cuirtear an focal ‘féin’ leis an nath ceisteach:

Cad é mar atá tú féin? nó *Agus tú féin?*
Cén chaoi a bhfuil tú féin? nó *Agus tú féin?*
Conas tá tú féin? nó *Agus tú féin?*

- Léirigh seo do na foghlaimoirí trí chomhrá a dhéanamh le duine sa rang:

Múinteoir: *Dia dhuit.*
Foghlaimoir: *Dia 's Muire dhuit.*
Múinteoir: *Cad é mar atá tú?*
Foghlaimoir: *Go maith, go raibh maith agat. Agus tú féin?*
Múinteoir: *Go breá. Go raibh maith agat.*



Gníomhaíocht 1.1(D): Obair bheirte: Caint

Gníomhaíocht:

- Cuir na foghlaimeoirí ag obair i mbeirteanna.
- Caithfidh A beannú do B.
- Beannaíonn B ar ais.
- Fiafraíonn A cad é mar atá B.
- Freagraíonn B an cheist sin agus cuireann sé/sí an cheist ar ais ar A.
- Iarr orthu an sampla seo (E) a leanúint ach mínigh go bhfuil rogha acu, ar ndóigh, maidir leis na freagraí a thugann siad.

1.2 Na Gaeltachtaí

(A) Tabhair bunolas don rang faoi na ceantair Ghaeltachta agus faoi na háiteanna eile ina labhraítear Gaeilge go forleathan.



Gníomhaíocht 1.2(A): Cá bhfuil an Ghaeltacht?: Cultúr

Réamhullmhúchán:

- Roinn an líon daoine sa rang fá dhó agus déan an líon sin cóipeanna de **Bhileog 1.2(A): Cá bhfuil an Ghaeltacht?**
- Scaip an léarscáil ar gach duine sa rang.

Gníomhaíocht:

Mínigh an méid seo a leanas:

- Is áit í an Ghaeltacht ina labhraítear Gaeilge mar chéad teanga.
- Labhraítear Gaeilge sách forleathan freisin i gceantair áirithe sna cathracha agus i mbailte eile. (Léirigh ar an léarscáil.)
- Tá trí phríomhchanúint (canúint Uladh, canúint Chonnacht, canúint na Mumhan) ann.
- Níl na difríochtaí idir canúintí na Gaeilge chomh mór is atá i dteangacha eile, ar nós na Fraincise nó na hIodáilise, mar shampla.
- Tá roinnt bun-nathanna laethúla ann, áfach, atá difriúil sna canúintí éagsúla, mar shampla, tá trí/ceithre bhealach ann chun fiafraí de dhuine cén chaoi a bhfuil siad.

Ansin

- Cuir i gcuimhne don rang an leagan den phríomhbheannacht a mhúin tú dóibh i **1.1(B):**

Cad é mar atá tú?

Cén chaoi a bhfuil tú?

Conas tá tú?

- Abair leo ansin cad iad na leaganacha éagsúla den bheannacht agus cad iad na Gaeltachtaí ina n-úsáidtear iad.
- Má bhíonn an rang inchurtha leis, déan cleachtadh ar an dá/trí leagan sin minic go leor leo chun go n-aithneoidh siad iad nuair a chloisfidh siad iad – **ní gá go mbeidís ábalta na nathanna nach bhfuil ina gcanúint féin a rá**– is leor go dtuigfidís iad dá gcloisfidís duine éigin á n-úsáid.
- Abair leo **gan aon laghmhisneach ná buairt** a bheith orthu maidir leis na difríochtaí sna canúintí; go mbeifear ag déileáil leo go soiléir, agus de réir a chéile, le linn an chúrsa.

(B) Suímh ghréasáin

- Abair leis an rang gur féidir leo tuilleadh eolais faoi na Gaeltachtaí a fháil ar na suímh ghréasáin dhátheangacha seo a leanas:
 - <http://en.wikipedia.org/wiki/Gaeltacht>
 - www.gaeilge.ie

1.3 Ag cur ceiste ar dhuine an bhfuil sé/sí go maith agus ag freagairt na ceiste sin

(A) Múin an cheist agus na freagraí thíos don rang:

- *An bhfuil tú go maith?*
- *Tá. Tá mé go breá, go raibh maith agat. nó*
- *Tá, buíochas le Dia.*



Gníomhaíocht 1.3(A): An bhfuil tú go maith?: Caint

- Déan druil leis an rang ar an gceist agus ar an bhfreagra thuas.
- Cuir ceist ar dhuine de na foghlaimeoirí, mar shampla:

Múinteoir: *An bhfuil tú go maith?*
Foghlaimeoir 1: *Tá. Tá mé go breá, go raibh maith agat.*
Múinteoir: *An bhfuil tú go maith?*
Foghlaimeoir 2: *Tá, buíochas le Dia.*

(B) Nuair a bheidh an rang sách muiníneach as an gceist agus na freagraí thuas a úsáid, cuir ceist orthu an bhféadfaidís buille faoi thuairim a thabhairt faoi conas ceist a chur ar ais ar dhuine an bhfuil sé/sí go maith...

- Léirigh le foghlaimeoir sa rang.
- Abair leis/léi tosú:

Foghlaimeoir: *An bhfuil tú go maith?*
Múinteoir: *Tá, go raibh maith agat. Agus tú féin?*
Foghlaimeoir: *Tá mé go breá, buíochas le Dia.*



Gníomhaíocht 1.3 (B): Obair ranga: Caint

- Fiafraigh de dhuine aonair sa rang ‘An bhfuil tú go maith?’
- Freagraíonn an duine sin agus ansin caithfidh sé/sí ceist a chur ar an duine in aice leis/léi.
- Ar aghaidh mar sin timpeall an ranga:

Múinteoir: *An bhfuil tú go maith?*
Foghlaimoir 1: *Tá. Tá mé go breá, go raibh maith agat. Agus tú féin?*
Múinteoir: *Ara, go measartha.*
Foghlaimoir 1: *An bhfuil tú go maith?*
Foghlaimoir 2: *Tá, go raibh maith agat. An bhfuil tú féin go maith?*
Foghlaimoir 1: *...*

1.4 Do chur féin in aithne

(A) Múin don fhoghlaimoir conas é/í féin a chur in aithne.

- Déan cleachtadh ar na struchtúir thíos leis na foghlaimoirí:

*Liam is ainm dom.
Is mise Síle.*

- Míniú gur mar ráiteas a úsáidtear na struchtúir seo.
- Léirigh an struchtúr seo thíos do na foghlaimoirí:

Múinteoir: *Cé thusa?*
Foghlaimoir: *[Is] mise Darren.*



Gníomhaíocht 1.4(A): Cé tusa?: Caint

- Iarr ar dhuine de na foghlaimoirí sa rang iad féin a chur in aithne duit:



Gníomhaíocht 1.4(B): Cur in aithne: Caint

- Iarr ar dhuine sa rang é/í féin a chur in aithne duit.
- Ansin caithfidh sé/sí fiafraí den duine in aice leis/léi, cé hé/hí.
- Mar sin ar aghaidh go dtí go mbeidh an rang muiníneach á gcur féin in aithne.

1.5 Ag cur daoine eile in aithne dá chéile

(A) Léirigh don rang conas daoine a chur in aithne dá chéile:

*Seo é Liam.
Seo í Aoife.
Seo iad Síle agus Eoghan.*

- Déan druil ar na nathanna thuas.

- Déan cleachtadh ar: ‘Seo é...’, ‘Seo í...’ agus ‘Seo iad...’ le hainmneacha difriúla.



Gníomhaíocht 1.5(A): Daoine cáiliúla: Caint

Réamhullmhúchán:

- Gearr roinnt pictiúr/grianghraf, ina bhfuil beirt nó triúr cáiliúla ina seasamh le chéile, as nuachtáin nó irisleabhair.
- Cinntigh go bhfuil dóthain pictiúr/grianghraf ionas go mbeidh grianghraf amháin ag gach duine sa rang.
- Roinn an rang i mbeirteanna, A agus B.

Gníomhaíocht:

- Caithfidh gach foghlaimeoir na daoine atá sa ghrianghraf atá aige/aici a chur in aithne don fhoghlaimeoir in aice leo, Foghlaimeoir A ag cur na ndaoine ina g(h)rianghraf in aithne ar dtús agus ansin Foghlaimeoir B.
- Nuair a bheidh seo déanta ag an mbeirt, iarr orthu siúl timpeall an ranga agus na daoine ina ngrianghraf a chur in aithne do bhaill eile an ranga.
- Mar shampla:

Foghlaimeoir A: *Seo í an tUachtarán Máire Mhic Giolla Íosa. Agus seo é Martin Mac Giolla Íosa.*

Foghlaimeoir B: *Seo í Gráinne Seoighe agus seo í Mary Kennedy.*

(B) Léirigh an Tuiseal Gairmeach trí ghlaoch ar dhaoine aonair sa rang:

Seo é Seán. (Ag casadh chun labhairt leis) A Sheáin, conas tá tú?

Seo é Tomás. (Ag casadh chun labhairt leis) A Thomáis, conas tá tú?

Seo é Brian. (Ag casadh chun labhairt leis) A Bhriain, tá sé go deas bualadh leat.

Seo é Antaine. (Ag casadh chun labhairt leis) ‘Antaine, an bhfuil tú go maith?’

A Shíle, a Shiobhán, ‘Anna, a Bhríd

- Cuir ceist ar an rang cad a thugann siad faoi deara faoin mbealach ina nglaoitear ar dhaoine as Gaeilge?
- Ba cheart go mbeidís in ann cuid de na hathruithe i bhfoghraíocht an ainm a chloisteáil, fiú gan na téarmaí gramadaí a bheith ar eolas acu:
 - Cuirtear ‘a’ roimh ainm an duine a bhfuil tú ag caint leis/léi.
 - Athraítear fuaim thús an ainm (séimhiú a chur ar an gcéadchonsan, más féidir).
 - Más ainm fir atá ann, athraítear deireadh an ainm freisin (caolaítear é má chríochnaíonn sé le consan leathan).
 - Ní athraítear deireadh ainm mná.
 - Ní athraítear deireadh ainm fir a chríochnaíonn le guta.

Nótaí:

- Ní gá na téarmaí gramadaí a phlé ag an bpointe seo ach na prionsabail a chleachtadh leis an rang trí iarraidh orthu glaoch ar dhaoine eile sa rang.
- Abair leis an rang gan a bheith buartha faoi na 'rialacha', go rachaidh siad i dtaithe ar conas glaoch ar dhuine de réir a chéile.

1.6 Ag rá le duine go bhfuil sé go deas bualadh leis/léi

(A) Múin an nath seo thíos agus déan é a chleachtadh leis an rang:

Tá sé go deas bualadh leat.



Gníomhaíocht 1.6: Daoine eile a chur in aithne dá chéile: Caint

Réamhullmhúchán:

- Roinn an rang i ngrúpaí de thriúr agus bíodh A, B agus C i ngach grúpa.

Gníomhaíocht:

- Abair leo cleachtadh a dhéanamh ar dhaoine a chur in aithne: A ag cur B agus C in aithne dá chéile ar dtús; B ag cur C agus A in aithne; C ag cur A agus B in aithne.
- Léirigh dóibh le sampla ar dtús:

Múinteoir:	<i>A Shíle, seo é Seán. A Sheáin, seo í Síle.</i>
Seán agus Síle:	<i>Tá sé go deas bualadh leat.</i>
- Más gá, abair le gach A siúl deiseal chuig an chéad ghrúpa eile, gach B siúl tuathal agus gach C fanacht socair chun grúpa nua a dhéanamh agus cleachtadh a dhéanamh ar na struchtúir thuas.

1.7 Ag fiafraí de dhuine cén t-ainm atá air/uirthi agus ag freagairt na ceiste sin

(A) As na trí leagan thíos, múin agus déan cleachtadh ar leagan amháin - an leagan a úsáideann tú féin nó a úsáidtear sa cheantar ina bhfuil an rang.

Cad is ainm duit? Liam (is ainm dom).

Céard is ainm duit?

C'ainm atá ort? Liam (an t-ainm atá orm).

Cén t-ainm atá ort?

- Iarr ar an rang buille faoi thuairim a thabhairt faoi conas ceist a chur ar ais ar dhuine i.e. cén t-ainm atá airsean/uirthise.
- Múin an fhoirm threise de cheann de na leaganacha thíos.
- Ná múin ach leagan amháin díobh seo:

C'ainm atá ortsa?

*Cén t-ainm atá ortsa?
Cad/Céard is ainm duitse?*



Gníomhaíocht 1.7(A): Cén t-ainm atá ort?: Caint
Réamhullmhúchán:

- Roinn an rang i mbeirteanna, A agus B.

Gníomhaíocht:

- Iarr orthu ceist a chur ar a chéile chun ainm an duine eile a fháil.
- Bain úsáid as an sampla thíos le léiriú don rang cad é atá i gceist.
- Nuair a bheidh an cleachtadh déanta acu, iarr ar gach A leanúint ar aghaidh deiseal go dtí an chéad B eile chun an cleachtadh a dhéanamh arís.

A: *C'ainm atá ort? (Cad nó Céard is ainm duit? / Cén t-ainm atá ortsa?)*

B: *Bernie. C'ainm atá ortsa?*

A: *Trevor.*



Gníomhaíocht 1.7(B): Beannachtaí/freagraí: Cluastuiscint
Réamhullmhúchán:

- Tabhair cóip de **Bhileog 1.7(B): Beannachtaí/freagraí** do gach duine sa rang.

Gníomhaíocht:

- Seinn an dlúthdhiosca don rang.
- Cloisfidh an rang gach beannacht faoi thrí.
- Cuiridís tic leis an bhfreagra ceart.
- Ceartaigh an ghníomhaíocht.



Gníomhaíocht 1.7(C): Comhráite : Cluastuiscint/Scríbhneoireacht
Réamhullmhúchán:

- Tabhair cóip de **Bhileog 1.7(C): Comhráite** do gach duine sa rang.

Gníomhaíocht:

- Seinn an dlúthdhiosca (DD) don rang.
- Iarr orthu na bearnaí atá i ngach comhrá a líonadh.



Gníomhaíocht 1.7(D): Beannachtaí: Léamhthuiscint
Réamhullmhúchán:

- Déan cóip de **Bhileog 1.7(D): Beannachtaí** do gach duine sa rang.
- Tabhair cóip do gach duine sa rang.

Gníomhaíocht:

- Tabhair am don rang leis an bhileog a léamh agus na bearnaí a líonadh.

- Ceartaigh an ghníomhaíocht.
- Bain úsáid as na comhráite mar chleachtadh cainte idir gach beirt.

1.8 Comhaireamh ó 0-10

(A) Múin na huimhreacha 0-10.

- Tarraing na huimhreacha ar an gclár.
- Múin ainmneacha na n-uimhreacha don rang trí do mhéar a chur ar an uimhir agus an uimhir a rá, mar shampla:

A haon, a dó, a trí, agus araile.

- Déan druil ar na huimhreacha leis an rang.



Gníomhaíocht 1.8(A): Cén uimhir?: Caint

- Cuir do mhéar ar aon cheann de na huimhreacha agus cuir ceist ar an rang ‘Cén uimhir?’
- Lean ar aghaidh ag tástáil daoine aonair leis an gceist ‘Cén uimhir?’



Gníomhaíocht 1.8(B): Ceart nó mícheart?: Caint

Réamhullmhúchán:

- Múin na focail ‘ceart’ agus ‘mícheart’ don rang.
- Cuir 4 agus 6 ar an gclár.
- Díriú do mhéar ar 4 agus abair: *Tá sin ceart!*
- Díriú do mhéar ar 6 agus abair: *Tá sin mícheart!*
- Roinn an rang i mbeirteanna, A agus B.

Gníomhaíocht:

- Tógann gach beirt seal chun an duine in aice leo a thástáil chun uimhir a ghlaonn siad amach a scríobh síos mar shampla:

A: *A cúig!*

B: (Ag scríobh na huimhreach a shíleann sé/sí atá ann). *Tá sin ceart?*

A: *Tá sin ceart.*

B: *A deich!*

A: (Ag scríobh na huimhreach a shíleann sé/sí atá ann). *Tá sin ceart?*

B: *Mícheart! Tá sin a dó...*



Gníomhaíocht 1.8(C): Cleachtadh ar na huimhreacha: Caint

- Déan na huimhreacha a chleachtadh ar na bealaí seo a leanas leis an rang.
- Iarr ar dhuine de na foghlaimeoirí na huimhreacha cuí a rá:

- i) Athrá ar na huimhreacha: 0-10
ii) Gach réuimhir: 2,4,6, 8,10
iii) Gach corruimhir: 0,3,5,7,9
iv) Droim ar ais: 10,9,8,7,6,5,4,3,2,1,0



Gníomhaíocht 1.8(D): Ag suimiú uimhreacha: Cluastuisct

Réamhullmhúchán:

- Déan cóipeanna de **Bhileog 1.8(D): Ag suimiú uimhreacha**. Tá dóthain cóip do bheirt ar gach leathanach; gearr suas iad.
- Scaip cóip ar gach duine sa rang.

Gníomhaíocht:

- Abair leis an rang go seinnfidh tú an DD dóibh, go gcaithfidh siad na huimhreacha a chloiseann siad a scríobh síos agus ansin iad a shuimiú.
- Cloisfidh siad gach píosa faoi thrí.
- Ceartaigh an ghníomhaíocht agus iarr ar dhaoine aonair sa rang na suimeanna a léamh amach os ard, mar shampla:

Múinteoir: *Uimhir a seacht!*

Foghlaimoir: *A sé agus a trí, sin a naoi.*



Gníomhaíocht 1.8(E): Torthaí spóirt: Cluastuisct

- Tabhair cóip de **Bhileog 1.8 (E):Torthaí spóirt** do gach duine de na foghlaimoirí.
- Abair leis an rang go seinnfidh tú an DD dóibh agus go gcaithfidh siad na torthaí spóirt a chloiseann siad a scríobh síos.
- Nuair atá siad críochnaithe, ceartaigh na scóir.
- Bain úsáid as an gceacht mar chleachtadh cainte trí iarraidh ar fhoghlaimoirí aonair torthaí cluiche a léamh amach, mar shampla:

Múinteoir: *Torthaí chluiche a haon?*

Foghlaimoir: *Baile Átha Cliath, a haon a dó; Ard Mhacha, a haon a haon.*



Gníomhaíocht 1.8(F): Mo phas, mo charr, mo sheicleabhar: Caint

Réamhullmhúchán:

- Cibé líon daoine atá i do rang, roinn an líon sin faoina ceathair agus déan an líon sin cóipeanna de **Bhileog 1.8(F): Mo phas, mo charr, mo sheicleabhar**.
- Gearr na bileoga i gceithre chuid ionas go mbeidh uimhir phas, uimhir chláráithe cairr agus uimhir sheicleabhair ag gach duine ar a bhileog.

- Roinn an rang i ngrúpaí ceathair A, B, C agus D.

Gníomhaíocht:

- Caithfidh gach duine sa ghrúpa ceist a chur ar gach duine eile faoi mar atá léirithe thíos:

*Cén uimhir atá ar do phas?
Cén uimhir atá ar do charr?
Cén uimhir atá ar do sheicleabhar?*

- Cuireann A agus B, C agus D ceist ar a chéile ar dtús. Ansin A agus C, B agus D. Ansin A agus D, B agus C.



Gníomhaíocht 1.8(G): Lorgaire focal: Léamhthuisct

Réamhullmhúchán:

- Déan cóip de **Bhileog 1.8(G): Lorgaire focal** do gach duine sa rang nó cóip idir gach beirt. (Is féidir gníomhaíocht aonair nó gníomhaíocht bheirte a dhéanamh as).

Gníomhaíocht:

- Abair leis an rang go gcaithfidh siad na huimhreacha 0-10 a aimsiú sa **Lorgaire focal** agus líne a tharraingt thart ar an uimhir.
- Ceartaigh an ghníomhaíocht leis an rang.

1.9 Uimhir theileafóin a iarraidh agus a thabhairt

(A) Múin an cheist seo a leanas:

Cad é d'uimhir theileafóin?

- Cuir béim ar leith ar an fhoghraíocht anseo '*uimhir **theileafóin***'.



Gníomhaíocht 1.9(A): Uimhreacha teileafóin: Caint

- Iarr ar na foghlaimeoirí dul thart agus iarracht a dhéanamh uimhir theileafóin na ndaoine eile sa rang a fháil. (Mínigh nach gá do na foghlaimeoirí a bhfóruimhir a thabhairt).
- Iarr orthu na huimhreacha a scríobh síos in aice le hainm an duine.
- Nuair a bheidh gach duine críochnaithe ag lorg uimhir theileafóin gach duine eile, ceartaigh an ghníomhaíocht trí iarraidh ar gach foghlaimeoir a uimhir theileafóin a rá os ard sa rang.



Gníomhaíocht 1.9(B): Uimhreacha teileafóin a aithint: Cluastuiscint

Réamhullmhúchán:

- Déan dóthain cóipeanna de **Bhileog 1.9(B): Uimhreacha teileafóin a aithint.**

Gníomhaíocht:

- Abair leis an rang go gcloisfidh siad 9 n-uimhir theileafóin.
- Caithfidh siad tic a chur leis an uimhir a chloiseann siad i ngach cás.
- Ceartaigh an ghníomhaíocht trí iarraidh ar dhaoine aonair na huimhreacha a rá os ard.

1.10 Slán a fhágáil ag duine

(A) Déan na nathanna thíos a mhúineadh:

Slán leat!

Slán agat!

Oíche mhaith!



Gníomhaíocht 1.10(A): Súil siar ar Thopaic 1: Cluastuiscint

Réamhullmhúchán:

- Tabhair cóip de **Bhileog 1.10(A): Súil siar ar Thopaic 1** do gach duine sa rang.

Gníomhaíocht:

- Seinn an DD don rang.
- Cloisfidh an rang gach beannacht/ceist faoi thrí.
- Iarr orthu tic a chur leis an bhfreagra ceart i ngach cás.
- Ceartaigh an ghníomhaíocht.



Gníomhaíocht 1.10(B): Rólimirt: Caint

Réamhullmhúchán:

- Cibé méid duine atá i do rang, roinn an líon sin faoi cheathair.
- Déan an méid sin cóipeanna de **Bhileog 1.10(B): Rólimirt.**

Gníomhaíocht:

- Téigh siar ar na nathanna ar fad a mhúin tú dóibh sa cheacht go dtí seo.
- Cuir na foghlaimeoirí i mbeirteanna.
- Iarr ar dhuine amháin Ról A a ghlacadh agus iarr ar an duine eile Ról B a ghlacadh. Míneigh dóibh gur cuid de chomhrá teileafóin an rólghníomhaíocht seo idir duine atá ag lorg eolais (Ról A) ó rúnaí in oifig (Ról B). Míneigh an líne *Cuirfidh mé glaoch ar ais ort go luath* do na foghlaimeoirí.
- Abair leo an comhrá seo a chleachtadh le chéile.
- Ansin, iarr orthu ról a mhalartú: an duine a raibh Ról A aige/aici Ról B a ghlacadh an uair seo.



Gníomhaíocht 1.10(C): Foghraíocht: ‘d’ leathan agus ‘d’ caol

Gníomhaíocht:

- Iarr ar an rang éisteacht leis na focail seo a leanas ar an DD nó thig leat féin na focail sna liostaí thíos a rá os ard:
CUID A
dia, deich, a náid
duit, a dó, duine, cad
- Abair leis an rang ansin go bhfuil tú ag iarraidh orthu éisteacht le fuaim an ‘d’ i gcás gach focal.
- Seinn nó abair an liosta focal arís. Cad a thugann an rang faoi deara?
- Tá dhá fhuaim ag an litir ‘d’ sa Ghaeilge, ‘d’ leathan agus ‘d’ caol.
- Braitheann fuaim an ‘d’ ar an nguta roimh nó i ndiaidh an ‘d’. Is iad ‘a’, ‘o’ agus ‘u’ na gutaí leathana agus is iad ‘i’ agus ‘e’ na gutaí caola.
- Scríobh na focail ar an gclár ionas go bhfeicfidh an rang an litriú agus abair/seinn na focail arís.
- Iarr ar an rang na focail a rá i do dhiaidh ag déanamh cinnte go bhfuil siad ag fuaimniú na bhfocal i gceart.
- Mínigh don rang go bhfuil fuaim leathan agus fuaim chaol ag baint leis na consain ar fad sa Ghaeilge.
- Is gné de na teangacha Ceilteacha iad na consain leathana agus na consain chaola.
- Iarr ar an rang éisteacht le *CUID B* den DD nó abair féin na habairtí seo a leanas:
CUID B
Dia duit!
Dia is Muire duit!
Cad is ainm duit?
Clár is ainm dom.
Cad is ainm don duine sin?
Diarmuid is ainm dó.
A dó, a náid agus a hocht, sin a deich.
- Seinn nó abair na habairtí thuas arís.
- Abair leis an rang éisteacht go cúramach leis na fuaimeanna ‘d’ sna habairtí.
- Iarr ar an rang aithris a dhéanamh ar na habairtí i do dhiaidh/i ndiaidh an DD.